# An tSraith Shóisearaigh: Athrú ar Shráid Henrietta

14 Sráid Henrietta Henrietta Street

Ó theach cathrach Seoirseach go tionóntán

Tógadh Sráid Henrietta i lár an 18ú haois, beagnach 300 bliain ó shin, nuair ba chuid d'Impireacht na Breataine í Éire go fóill.

Tháinig athrú suntasach ar an tsráid in imeacht na mblianta, mar thoradh ar ghníomhartha roinnt daoine agus ar imeachtaí eile a thit amach in Éirinn agus timpeall an domhain.

De réir mar a tháinig athrú ar an tsráid, tháinig athrú ar chineál na ndaoine a chónaigh ann freisin. Breathnaítear sna hacmhainní seo ar a raibh i gceist leis na hathruithe sin agus ar an gcúis a bhí leo, ó tógadh Sráid Henrietta san 18ú haois go lár an 20ú haois.



# 14 Sráid Henrietta
# Acmhainní Scoile don tSraith Shóisearach

## Sa phacáiste seo:

1. Réamhrá
2. Naisc leis an siollabas
3. Athrú ar Shráid Henrietta (*"Príomhathruithe a Aithint"*)
    - *"Tionchar lonnaíochta agus úinéireachta talún ar smaointe na féiniúlachta"*
    - *"Ról daoine aonair suntasacha mar ghníomhairí athraithe"*
4. Mná Shráid Henrietta (*"Daoine, cultúr agus smaointe a fhiosrú"*)
    - *"An tionchar atá ag smaointe nua atá ag athrú ar an gcaoi ar cheart do dhaoine maireachtáil agus an chaoi ar cheart iad a smachtú"*
    - *"An tionchar a bhí ag rudaí ar nós athrú daonra, imirce, gorta agus cinedhíothaithe ar shaol gnáthdhaoine"*
    - *"An chaoi ar tháinig athrú ar shaol na mban de réir a chéile"*
5. Glórtha ón Am a Chuaigh Thart (*"Smaointeoireacht stairiúil a chur i bhfeidhm"*)
    - *"Naisc idir daoine, eachtraí agus áiteanna sa saol atá thart"*
    - *"Stair phearsanta, áitiúil nó mhuintire"*
    - *"Nósanna nó mórphatrúin athraithe a aithint de réir a chéile"*
6. Acmhainní Breise

## 1. Réamhrá

Iarsmalann stair shóisialta Bhaile Átha Cliath is ea *14 Sráid Henrietta*, ina mbreathnaítear ar an bhfoirgneamh óna bhunús mar theach Seoirseach go haimsir na dtionóntán. Nascann muid stair an tsaoil uirbigh thar 300 bliain le scéalta na ndaoine a chónaigh san áit. Is é an aidhm atá leis an bpacáiste seo ná sraith cás-staidéar, gníomhaíochtaí molta agus acmhainní breise a chur ar fáil duit chun cuidiú leat do chuid ceachtanna a phleanáil do do ghrúpa staire sa tSraith Shóisearach.

## 2. Naisc leis an siollabas

Déantar plé sa phaca acmhainní seo ar thopaicí éagsúla sa siollabas staire den tSraith Shóisearach i gcomhthéacs *14 Sráid Henrietta*. Úsáidfidh do ghrúpa na huirlisí sa phaca seo lena scileanna mar staraithe a fhorbairt, beag beann ar an topaic staidéir. Tá naisc thar a bheith láidir leis na topaicí seo a leanas i sraitheanna 2 agus 3 den siollabas, áfach:

***Príomhathruithe a Aithint***

- Príomhathruithe / forbairtí i réimsí na polaitíochta agus i gcaidreamh idirnáisiúnta
- Tionchar lonnaíochta agus úinéireachta talún ar smaointe na féiniúlachta
- Ról daoine aonair suntasacha mar ghníomhairí athraithe

***Daoine, cultúr agus smaointe a fhiosrú***

- An tionchar atá ag smaointe nua atá ag athrú ar an gcaoi ar cheart do dhaoine maireachtáil agus an chaoi ar cheart iad a smachtú
- An tionchar a bhí ag rudaí ar nós athrú daonra, imirce, gorta agus cinedhíothaithe ar shaol gnáthdhaoine
- An chaoi ar tháinig athrú ar shaol na mban de réir a chéile

***Smaointeoireacht stairiúil a chur i bhfeidhm***

- Connections between people, events and places in the past
- Sense of historical empathy in exploring people in the past
- Local, personal or family history
- Identifying patterns or trends of change over time
- Concepts such as culture and civilisation and power and authority

Tá an bhéim ar Shraith 1 den siollabas, 'Nádúr na Staire', mar bhonn agus taca ag na topaicí a phléitear sa phaca seo.

## Roimh 1800: Bunús Seoirseach Shráid Henrietta

Tugtar an Ré Sheoirseach ar an tréimhse ó 1714 go dtí na 1830idí. Sa tréimhse sin ba ghnách 'an dara cathair d'Impireacht na Breataine' a thabhairt ar Bhaile Átha Cliath agus ba sa chathair seo a bhí an dara daonra is mó i measc chathracha na hImpireachta, tar éis Londan. Mar gheall ar an stádas seo, bhí an-tóir ag an uasaicme agus ag an scothaicme chumhachtach ar Bhaile Átha Cliath. Tógadh a lán comharsanachtaí galánta le linn na tréimhse sin, Cearnóg Mhuinseo agus Cearnóg Mhuirfean ina measc.

Tógadh Sráid Henrietta i lár an 18ú haois ar thalamh a bhí faoi úinéireacht Luke Gardiner, agus níorbh fhada go raibh sí ar an seoladh ba mhó tóir i mBaile Átha Cliath. Sa tríocha bliain tar éis do Shráid Henrietta a bheith tógtha b'áit chónaithe í do sheisear cónaitheoirí teidealta, beirt ghinearál ón arm, triúr ardeaspag, beirt spéicéirí ó Theach na dTeachtaí agus Ard-Seansailéir na hÉireann.

Suíomhanna sóisialta agus polaitíochta ab ea na tithe cathrach uasaicme seo agus bhíodh cóisirí agus polaitíocht ar siúl iontu. Bhí baint ag beagnach gach cónaitheoir ar Shráid Henrietta – idir Theachtaí Parlaiminte, Thiarnaí agus lucht ceannais na heaglaise – leis an bpolaitíocht nó leis an dlí.

Níl ach beagán eolais againn ar na daoine a thóg Sráid Henrietta ach is féidir tuiscint a fháil ar shaol na ndaoine a thóg na tithe sin do na maithe agus na móruaisle. Agus obair athchóirithe ar bun roinnt blianta ó shin, thángthas ar shliogáin oisrí faoi chláir urláir 14 Sráid Henrietta. Bhíodh an-tóir ar oisrí mar smailc i mBaile Átha Cliath sa Ré Sheoirseach mar bhí siad saor agus éasca a fháil. D'fhéadfadh sé gur chaith na hoibrithe amach iad ag am lóin agus iad ag leagan cláir urláir ag 14 Sráid Henrietta beagnach 300 bliain ó shin.



*Seat Amuigh de Shráid Henrietta le Ros Kavanagh*






## Luke Gardiner (a. 1690 - 1755)

Ba é Luke Gardiner a dhear Sráid Henrietta. Níl ach fíorbheagán eolais againn ar óige, dúchas nó teaghlach Gardiner ach creidtear gur rugadh é i mBaile Átha Cliath. Le himeacht ama bhí sé ar dhuine de na fir ba rathúla agus ba shaibhre in Éirinn. Teachta Parlaiminte agus baincéir ab ea é agus mar fhorbróir réadmhaoine d’fhág sé a rian ar thuaisceart Bhaile Átha Cliath. D’fhorbair sé Sráid Ghairdinéir, Cearnóg Mhuinseo agus Sráid Mhaoilbhríde agus ba eisean a chruthaigh Sráid Henrietta do mhaithe agus móruaisle na hÉireann.

## An Ginearál Bíocunta Richard Molesworth (1680 - 1758)

Ba iad an tArd-Bhíocúnta Richard Molesworth agus a dara bean chéile, Mary, an chéad teaghlach a chuir fúthu ag 14 Sráid Henrietta. Duine mór le rá san arm ab ea Richard Molesworth, a bhí i gceannas ar a reisimintí féin ag Cathanna Blenheim (1704) agus Ramillies (1706) le linn Chogadh Chomharbas na Spáinne. Ceapadh é mar Ard-Cheannasaí Arm Ríoga na hÉireann i 1751.

*Íomhá: © Iontaobhaithe Mhúsaem na Breataine. Á roinnt faoi Cheadúnas Sannta Creative Commons - NonCommercial-ShareAlike 4.0 International (CC BY-NC-SA 4.0).*

## 1800 - 1876: Dlíodóirí agus Saighdiúirí

In 1801, rith an Pharlaimint Acht an Aontais agus cruthaíodh Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus na hÉireann dá bharr. Chiallaigh sé seo go ndéantaí cinntí polaitiúla i Londain agus nach raibh Baile Átha Cliath mar an dara cathair d'Impireacht na Breataine a thuilleadh. D'fhág an uasaicme an chathair agus chuaigh a lán sráideanna galánta i mBaile Átha Cliath as feidhm.

Le linn na tréimhse sin, tháinig an mheánaicme ghairmiúil – leithéidí dochtúirí agus dlíodóirí – chun cinn. Tréigeadh cuid de na foirgnimh Sheoirseacha a bhí galánta tráth agus athchóiríodh cinn eile mar oifigí agus tithe. Tá Óstaí an Rí lonnaithe ag barr Shráid Henrietta, agus cuireadh oiliúint ar dhlíodóirí agus abhcóidí ansin. De bharr go raibh an t-ionad léinn sin lonnaithe sa cheantar, bhí baint ag cuid mhaith de na daoine a bhí ina gcónaí nó ag obair ar Shráid Henrietta leis an dlí. Ó 1800 go dtí na 1840idí, áit chónaithe agus oibre d'aturnaetha ab ea 14 Sráid Henrietta.

Cuireadh a lán eastáit mhóra tuaithe as gnó mar gheall ar an nGorta Mór idir 1845-49. In 1849, cuireadh Cúirt na nEastát Fiachbháite (The Encumbered Estates Court) ar bun ag 14 Sráid Henrietta chun fiacha na n-eastát ollmhór sin a dhíol agus a ghlanadh. Rinneadh seomra cúirte den teach cóiste ag cúl an fhoirgnimh.




*Íomhá: © 1860: Fógra don General Engineering, Geological Survey and Valuation Office*

## Cur síos ar 14 Sráid Henrietta ó na 1850idí, nuair is Cúirt na nEastát Fiachbháite a bhí ann:

Reáchtáiltí an chúirt i *“one of the houses in Henrietta Street - a small and quiet, but handsome street in the extreme north of the city of Dublin”. Cuireadh síos ar an seomra cúirte i dteach an chóiste ar chúl uimhir 14 mar “large, chilly-looking room, without a ceiling between the roof and the floor, furnished with some rows of seats for the public, a small table covered with green cloth for the bar and the attorneys, and an elevated bench unadorned even with the royal arms, for the commissioners”.*

## 1877: Fógra do Lóistín i 14 Sráid Henrietta ón Irish Times:

*“To be let to respectable families in a large house, Northside, recently papered, painted and filled up with every modern sanitary improvement, gas and wc on landings, Vartry Water, drying yard and a range with oven for each tenant; a large coachhouse, or workshop with apartments, to be let at the rere. Apply to the caretaker, 14 Henrietta St.”*



*14 Sráid Henrietta, Photo by Paul Tierney*

## 1876 - 1911: Na Tionóntáin

Tháinig athruithe níos mó arís ar Shráid Henrietta mar gheall ar an nGorta Mór. Le linn an ama sin, bhog a lán daoine ón tuath go dtí na cathracha sa tóir ar obair agus bia. Thug tiarnaí talún áirithe faoi deara go raibh deis acu airgead a dhéanamh mar gheall ar an éileamh nua seo ar thithe agus cheannaigh agus d'athchóirigh siad tithe ollmhóra Seoirseacha mar 14 Sráid Henrietta le go bhféadfadh a lán teaghlach cur fúthu iontu.

Rinneadh seomraí beaga de na seomraí móra agus ní raibh na spiaraí (*partitions*) a bhí eatarthu ach leath chomh hard leis na ballaí. Is féidir iarsmaí na spiaraí seo a fheiceáil go fóill ag 14 Sráid Henrietta sa lá atá inniu ann.

Roinneadh na daoine a bhí ina gcónaí sna foirgnimh seo an leithreas agus an soláthar uisce. Le himeacht ama, tugadh "tionóntáin" ar na foirgnimh seo. Ó na 1860idí ar aghaidh rinneadh foirgnimh tionóntán de chuid de na tithe ar Shráid Henrietta. In 1876, cheannaigh Thomas Vance – arbh as an gCarraig Dhubh i mBaile Átha Cliath dó – 14 Sráid Henrietta agus bhí sé i gceist aige tionóntán 14 árasán a dhéanamh den teach. Bhain sé amach na simléir mharmair agus na doirse mahagaine ón ré ghalánta Sheoirseach agus dhíol sé iad ar ceant. Bhain sé amach an staighre galánta ionas go bhféadfadh sé níos mó seomraí a chur ann agus rinne sé staighre comhroinnte de staighre na searbhóntaí. Chuir sé dhá leithreas ann.

Ar feadh cúpla scór bliain ina dhiaidh sin, bhí cónaí ar líon ollmhór oibrithe agus daoine bochta ag 14 Sráid Henrietta agus ag tionóntáin eile ar fud Bhaile Átha Cliath. I ndaonáireamh 1911, bhí níos mó ná 100 duine cláraithe a bheith ina gcónaí ag 14 Sráid Henrietta, teach a tógadh i gcomhair teaghlach amháin sna 1700idí.



*An Staighre Cúil ag 14 Sráid Henrietta (Grianghraf le Ros Kavanagh)*

# Gníomhaíochtaí/ ceisteanna molta:

## Tasc 1: Sráid Henrietta i gCaitheamh an Ama

Tarraingígí líne ama de Shráid Henrietta. Cuirigí leis an líne ama seo:

- Dátaí tábhachtacha
- Athruithe móra ar an tsráid
- Imeachtaí náisiúnta agus domhanda ba chúis leis na hathruithe seo
- Pearsana móra agus an bhaint a bhí acu leis na hathruithe seo
- Conas a d'athraigh an fhéiniúlacht ar an tsráid le himeacht ama

## Tasc 2: Ag Úsáid an Daonáirimh

Céard é an Daonáireamh?

- Féachaigí ar Dhaonáireamh na hÉireann (http://www.census.nationalarchives.ie/search/)
- Roghnaígí 1901 mar 'Census Year', roghnaígí 'Dublin' mar 'County' agus clóscríobh 'Henrietta Street' sa spás i gcomhair 'Townland/ street'
- Roghnaígí 'Show all information'.
- Beidh sibh in ann féachaint ar ainm, aois, reiligiún agus post gach duine.
- Déanaigí liosta de chuid de na poist seo.
- An bhfuil aon phoist ann nach n-aithníonn sibh? Céard iad?
- Féachaigí ar an daonáireamh arís ach roghnaígí 1911 an uair seo. Cuirigí na poist a bhí ag daoine i gcomparáid leis na poist i 1901. Céard iad na poist atá sa dá dhaonáireamh?
- An bhfuil poist nua ann?
- Déanaigí liostaí de na poist a bhí ag fir agus na poist a bhí ag mná don dá bhliain 1901 agus 1911. Céard iad na cineálacha post a bhí ag fir agus ag mná? An raibh siad éagsúil le chéile?
- An raibh siad mar a chéile?



*Páistí ar Shráid Henrietta: Le caoinchead ó Chumann Ríoga Ársaíochta na hÉireann*

14 Sráid Henrietta Henrietta Street

Ó theach cathrach Seoirseach go tionóntán

# Mná Shráid Henrietta

Ar go leor bealaí, tháinig athrú suntasach ar shaol na mban agus na gcailíní a raibh cónaí orthu ag 14 Sráid Henrietta le himeacht ama. Bhí stíl mhaireachtála Lady Molesworth sa teach cathrach Seoirseach i 1751 an-éagsúil le stíl mhaireachtála Mrs Dowling a raibh cónaí uirthi sa seomra ar an gcéad urlár den tionóntán san 20ú haois. In aimsir na dtionóntán, ba mhinic a thuill na mná níos mó airgid ná na fir agus iad obair i gceantair áitiúla ar nós Shráid an Mhúraigh agus na margaí máguaird. Ba mhinic a bhíodh mná agus páistí le feiceáil ina suí ar na céimeanna ar laethanta grianmhara agus iad ag cur lasáin i mboscaí nó ag cur cnaipí den Choróin Mhuire ar shnáithe.

Bhí tionchar ag an meath a tháinig ar Shráid Henrietta agus ag ionchais na sochaí maidir le hinscne ar shaol na mban sa tsráid, mar is léir ó na bantiarnaí Seoirseacha a raibh orthu a bheith ina mná céile galánta don uasaicme agus ó na máithreacha sna tionóntáin ag iarraidh teaghlaigh mhóra a thógáil.





**An Bhantiarna Mary Molesworth (1728 - 1763)**

*A chónaigh i 14 Sráid Henrietta: 1751 - 1758*

Mary Jenney Usher a baisteadh ar Lady Mary Molesworth agus ní raibh sí ach cúig bliana déag d'aois nuair a phós sí Richard Molesworth i 1743, agus eisean seasca a trí bliain d'aois. Pósadh a bheadh mídhleathach sa lá atá inniu ann. Chuir an t-údar Horace Walpole uirthi mar "a very great beauty, whose amiable character and virtue were beyond all suspicion, untainted and irreproachable."

Bhí ochtar páistí ag Lady Mary agus fuair sise, deartháir léi agus beirt iníonacha léi (Mary agus Melosina) bás i 1763 nuair a chuaigh teach trí thine i Londain. Coirloscadh ba chúis leis an tine: searbhónta a bhí ag iarraidh gadaíocht a cheilt.

*Íomhá ©National Trust Images/Derrick E.*



**Mary Wollstonecraft (1759 - 1797)**

*A chónaigh i 15 Sráid Henrietta: 1786 - 1787*

Bhog Mary Wollstonecraft go dtí 15 Sráid Henrietta i 1786 chun obair a dhéanamh mar mháistreás do mhuintir Kingsborough. Níor réitigh sí go maith le Lady Kingsborough agus briseadh as a post í an bhliain dár gcionn. Cúig bliana ina dhiaidh sin scríobh sí an leabhar feimineach ceannródaíoch *A Vindication of the Rights of Woman*.

Tugann Wollstonecraft léargas dúinn ar na rialacha sóisialta leatromacha, dar léi, a bhí i bhfeidhm do mhná i mBaile Átha Cliath: "Dublin has not the advantages which result from residing in London; everyone's conduct is canvassed, and the least deviation from a ridiculous rule of propriety… would endanger their precarious existence".

*Witty Image © National Portrait Gallery, Londain*

# Gníomhaíochtaí / ceisteanna molta:

## Tasc 1: Saol na mBan a Nochtadh

- Féachaigí ar na pictiúir de Mary Molesworth agus Mary Wollstonecraft ar an leathanach roimhe seo. Céard a léiríonn siad faoi shaol na mban sin? An bhfuil an fhianaise seo iontaofa?
- Féachaigí ar an Daonáireamh: http://www.census.nationalarchives.ie/search/ Céard a léiríonn sé faoi shaol na mban ar Shráid Henrietta i 1901 agus 1911? An bhfuil athrú tagtha ar chúrsaí ó shin? Cén chaoi?



*Turas Grúpa Óige (Grianghraf le Dan Butler)*

## Tasc 2: Lá den Saol...

- Scríobhaigí iontráil dialainne ó thaobh gach duine thuas.

  Bainigí úsáid as fianaise ar nós portráidí, stair béil agus an daonáirimh ionas go mbeidh an iontráil sa dialann inchreidte.

# Smaointeoireacht stairiúil a chur i bhfeidhm: Glórtha ón Am a Chuaigh Thart

14 Sráid Henrietta Henrietta Street

Ó theach cathrach Seoirseach go tionóntán

Taifeadtaí de dhaoine ag caint faoina gcuid cuimhní ar an am a chuaigh thart atá sa stair béil. Is cineál fianaise í an stair béil ar an saol a bhí ag daoine san am a chuaigh thart. Tá a lán stair béil ag 14 Sráid Henrietta faoin saol sna tionóntáin. Taifeadtaí atá sa stair béil sin de dhaoine a bhí ina gcónaí i dtionóntáin ar fud Bhaile Átha Cliath agus i measc na n-ábhar a phléann siad tá bia agus deochanna, an scoil, spraoi agus cluichí agus an t-aistriú go dtí na bruachbhailte. Bailítear stair béil trí agallaimh a dhéanamh le daoine faoi ábhair éagsúla agus trí cheisteanna a chur orthu faoina gcuid cuimhní ar aimsir faoi leith.

Is cuimhin le go leor daoine a n-óige sna tionóntáin le linn an 20ú haois. Is bealach iontach í an stair béil chun na cuimhní beo seo a thaifeadadh agus chun léargas soiléir a thabhairt dúinn ar an saol i dtionóntáin Bhaile Átha Cliath.



## Smaointeoireacht stairiúil a chur i bhfeidhm: Glórtha ón Am a Chuaigh Thart

Ós rud é go raibh an chuid is mó de na daoine lenar labhair muid ina bpáistí ag an am, tá bailiúchán saibhir cuntas againn ar an saol sna tionóntáin ó thaobh an pháiste. Rinneadh na hagallaimh thíos le daoine a bhí ina gcónaí sna tionóntáin tráth agus pléitear gach gné den saol iontu.

- Breitheanna agus básanna: https://youtu.be/d9yMCarHs6M
- An óige: https://youtu.be/q0p5aTTsBuk
- An saol laethúil: https://www.youtube.com/watch?v=2dthcCQcMxY
- An bia: https://youtu.be/8vQn-Pz_F4g
- Ag aistriú go dtí na bruachbhailte: https://youtu.be/84fw4CPbr_w
- An saol ar scoil: https://youtu.be/BJF8USS-zDw
- An muintearas idir daoine: https://youtu.be/DfHOZc05SEA
- Ócáidí speisialta: https://youtu.be/awQA8-VO0O8
- An saol oibre: https://www.youtube.com/watch?v=skEMk97I3fA



*Turas Grúpa Óige (Grianghraf le Dan Butler)*

# Gníomhaíochtaí / ceisteanna molta:

## Tasc 1: Stair ó Bhéal á Fiosrú

- Éistigí leis an stair béil ar an leathanach roimhe seo. An bhfuil na daoine ar aon intinn maidir leis an saol sna tionóntáin? An bhfuil tuairimí nó taithí éagsúla acu i gcásanna áirithe? Déanaigí liosta díobh thíos.

## Tasc 2: Togra Staire Áitiúla

- Faighigí amach faoin saol in bhur scoil, sráid nó ceantar féin san am a chuaigh thart. Bailígí fianaise mar ghrianghraif, réada, iontrálacha daonáirimh agus stair béil chun léargas a thabhairt ar an saol ag an am sin.

## Acmhainní Breise

- Daonáireamh na hÉireann
  http://www.census.nationalarchives.ie/



*Turas Grúpa Óige (Grianghraf le Dan Butler)*